An Gleann inar Tógadh Mé

le Dubhghlas de hÍde

Ó háit go háit ba bhreá mo shiúl
'S dob ard mo léim ar bharr an tsléibh'
San uisce fíor ba mhór mo dhúil
'S ba bheo mo chroí i lár mo chléibh;
Mar chos an ghiorria do bhí mo chos,
Mar iarann gach alt is féith,
Bhí an sonas romham, thall 's abhus,
Sa ghleann inar tógadh mé.

Ba chuma liomsa fear ar bith,
Ba chuma liom an domhan iomlán,
Mar rith an fhia do bhí mo rith,
Mar shruth an tsléibh' ag dul le fán;
Is ní raibh rud ar bith sa domhan
Nach ndéanfainn (dá mba mhaith liom é);
Do léim mo bhád ar bharr na habhann
Sa ghleann inar tógadh mé.

Gach ní dá bhfacas le mo shúil
Bhí sé, dar liom, ar dhath an óir;
Is annamh a dhearcainn ar mo chúl,
Ach ag dul ar aghaidh le misneach mór;
Do leanainnse gan stad gan scíth
Mo rún, (dá gcuirfinn romhamsa é);
Do bhéarfainn, dar liom, ar an ngaoith,
Sa ghleann inar tógadh mé.

Ní hamhlaidh tá sé liom anois!
Do bhí mé luath, 'nois tá mé mall;
Is é, mo léan, an aois do bhris
Sean-neart mo chroí is lúth mo bhall;
Do chaill mé mórán 's fuair mé fios
Ar mhórán – och! ní sású é -
Mó léan, mo léan gan mise arís
Óg, sa ghleann inar tógadh mé!

Dúshlán duitse

- **Dubhghlás de hÍde** a scríobh an dán 'An Gleann inar Tógadh Mé'. Téigh go dtí an Vicipéid agus faigh amach cá raibh "An Gleann" sin. http://ga.wikipedia.org/wiki/Dubhghlas_de_hÍde.
  Nod: tá an contae ina bhfuil an gleann inar rugadh an file le feiceáil ar an léarscáil thall.

- Faigh amach cúig mhórphointe eile faoi Dhubhghlas de hÍde agus cuir in abairtí nua iad. Scríobh an t-eolas nua i d'fhocail féin. *Seo pictiúr de ar stampa.*
- Cén t-ainm cleite a bhí air? Cad is brí, dar leat, le hainm cleite? An ionann é agus leas-ainm, dar leat?
- Cad is cuimhin leis an bhfile faoina áit dúchais?
- Is léir ón dán gur thaitin an saol amuigh faoin aer leis an bhfile agus é óg. Is léir freisin go raibh sé spórtúil aclaí. Aimsigh samplaí sa dán a thugann an dá rud sin le fios.
- Luann an file gnéithe den dúlra (nádúr) anseo. Cad iad na nithe sin?
- Téigh go **Google Images** agus aimsigh cúig íomhá a ghabhann leis an dán seo. Taispeáin do na daoine eile i do rang Gaeilge iad agus mínigh an fáth gur roghnaigh tú iad. Cuir línte cuí ón dán le gach ceann de na híomhánna a roghnaigh tú.
- Tá véarsa amháin an-éagsúil ó na trí véarsa eile. Cad í an difríocht is mó atá le sonrú ann? Cén fáth go bhfuil an véarsa sin éagsúil?
- Cén cineál duine é an file nuair a bhí sé óg? Cad iad na tréithe a bhí aige? An mar sin a bhí sé agus an dán seo á scríobh aige? Mínigh d'fhreagra le tagairt don dán.
- Conas a chaitheann daoine óga a gcuid ama, den chuid is mó, sa lá atá inniu ann? An dóigh leat go bhfuil mórán difríochtaí idir saol an duine óig faoin tuath agus saol an duine óig sa chathair in 2012?
- Arbh fhearr leatsa bheith óg nuair a bhí Dubhghlas de hÍde óg? Mínigh d'fhreagra.
- Cén fáth, dar leat, a bhfuil an dán seo ar shuíomh gréasáin http://www.rith.ie/iar-bhunscoileanna?
- Cá mbeidh na Cluichí Oilimpiceacha ar siúl i mbliana? An féidir leat aon lúthchleasaí cáiliúil Éireannach a ainmniú a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpiceacha cheana, nó a bheidh ag glacadh páirte iontu i mbliana?